


Rialacha maidir le Tréimhsí Tiomána agus Scíthe

Iomaíocht chóir a áirithiú agus dálaí oibre a fheabhsú do thiománaithe

Tá sosanna agus am scíthe éigeantach:

- Ní féidir an scíth sheachtainiúil rialta de 45 uair ar a laghad a chaitheamh i gcábán na feithicle
- ní mór an scíth sheachtainiúil a ghlacadh tráth nach déanaí ná 6 thréimhse 24 uair ó dheireadh na tréimhse scíthe seachtainiúla roimhe sin
- caithfear an tréimhse scíthe laethúil rialta a bheith 11 uair an chloig ar a laghad
- i gcás gach 4.5 uair an chloig de thiomáint, ní mór sos 45 nóiméad ar a laghad a ghlacadh (is féidir é a roinnt ina dhá chuid: caithfear an chéad cheann a mhaireachtáil 15 nóiméad ar a laghad agus caithfear an dara ceann a mhaireachtáil 30 nóiméad ar a laghad)
- ní mór don fhostóir cur ar chumas an tiománaí filleadh ar a mbunáit fostaíochta nó ar a n-áit chónaithe gach 3 nó 4 seachtaine



Ní mór do thiománaithe atá ag obair in AE cloí leis an méid seo a leanas:

- níor cheart go sáródh an t-am tiomána uasta in aghaidh an lae 9 n-uair an chloig (ní féidir é a shíneadh go 10 n-uair an chloig ach dhá uair sa tseachtain)
- níor cheart go sáródh an t-uasmhéid ama tiomána in aghaidh na seachtaine 56 uair an chloig ná 90 uair an chloig thar thréimhse choicíse

